2026/1800

28.7.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1800 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1426 a mhéid a bhaineann le cainéil mhinicíochta níos leithne a thabhairt isteach i mbanda minicíochta comhchuibhithe 5,9 GHz an Aontais le haghaidh feidhmeanna sábháilteachta córas cliste iompair de bhóthar

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 5125)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 676/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála don bheartas speictrim raidió sa Chomhphobal Eorpach (an Cinneadh maidir le Speictream Raidió) ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1426 ([2]) ón gCoimisiún, déantar comhchuibhiú ar na coinníollacha maidir le hinfhaighteacht agus úsáid éifeachtúil bhanda minicíochta 5 875-5 935 MHz ('banda minicíochta 5,9 GHz') chun feidhmeanna sábháilteachta córas cliste iompair de bhóthar agus d'iarnród uirbeach (CCInna) a chur chun feidhme.

(2) Tacaíonn forbairtí le déanaí sa chaighdeánú le húsáid cainéal 20 MHz sa raon minicíochta 5 875-5 925 MHz a ainmnítear le haghaidh feidhmeanna sábháilteachta CCI de bhóthar.

(3) Le hinrochtaineacht speictrim raidió ar chainéil níos leithne le haghaidh feidhmeanna sábháilteachta CCI de bhóthar, sa bhreis ar na cainéil 10 MHz atá comhchuibhithe faoi láthair, d'fhéadfaí cásanna úsáide bunúsaí agus ardúsáide a chur chun feidhme, lena soláthraítear buntáistí amhail cur chun feidhme simplithe agus éifeachtúlacht speictrim níos airde, agus cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de á choinneáil ar bun an tráth céanna maidir le húsáid speictrim.

(4) An 24 Eanáir 2025, de bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh 676/2002/CE, thug an Coimisiún sainordú do Chomhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT) maidir leis na coinníollacha teicniúla comhchuibhithe a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1426 a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn cainéil mhinicíochta níos leithne a thabhairt isteach i mbanda minicíochta 5,9 GHz le haghaidh feidhmeanna a bhaineann le sábháilteacht CCI de bhóthar.

(5) Mar fhreagairt ar an sainordú sin, an 7 Samhain 2025 ghlac CEPT Tuarascáil 91 uaidh ('Tuarascáil CEPT'), lena soláthraítear coinníollacha teicniúla comhchuibhithe chun cainéil mhinicíochta níos leithne a thabhairt isteach i mbanda minicíochta 5,9 GHz le haghaidh feidhmeanna sábháilteachta CCI de bhóthar.

(6) Is é conclúid Thuarascáil CEPT gur féidir dhá chainéal 10 MHz a chomhcheangal in aon chainéal tadhlach 20 MHz amháin le haghaidh feidhmeanna sábháilteachta CCI de bhóthar. Is é conclúid Thuarascáil CEPT freisin, go dtí go mbeidh réitigh ar fáil lena n-áirithítear cosaint CCI d'iarnród uirbeach i mbanda minicíochta 5 915-5 925 MHz, gur cheart úsáid an chainéil 20 MHz i mbanda minicíochta 5 905-5 925 MHz le haghaidh CCI de bhóthar a theorannú don chumarsáid ó bhonneagar go feithicil. Moltar i dTuarascáil CEPT freisin leasuithe ar na coinníollacha teicniúla agus oibríochtúla a leagtar amach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1426.

([1]) IO L 108, 24.4.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/676(1)/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1426 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le húsáid chomhchuibhithe speictrim raidió i mbanda minicíochta 5 875-5 935 MHz le haghaidh feidhmeanna sábháilteachta córas cliste iompair (CCI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/671/CE (IO L 328, 9.10.2020, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1426/oj).

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1426 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an Speictream Raidió,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1426.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Henna VIRKKUNEN
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Tábla 1

Paraiméadair theicniúla maidir le feidhmeanna sábháilteachta córas cliste iompair (CCI) i mbanda minicíochta 5 875-5 935 MHz

Paraiméadar	Luach
Uasdlús cumhachta speictreach (meán-e.i.r.p. ([1]))	23 dBm/MHz
Uaschumhacht iomlán tarchurtha (meán-e.i.r.p.)	33 dBm ag a bhfuil rialú cumhachta tarchurtha Beidh rialú cumhachta tarchurtha in ann an chumhacht iomlán a laghdú óna e.i.r.p. uasta go 3 dBm

Tábla 2

Paraiméadair theicniúla a bhaineann go sonrach le CCI de bhóthar a oibríonn i mbanda minicíochta 5 875-5 925 MHz

Paraiméadar	Luach
Astaíochtaí neamh-inmhianaithe os cionn 5 925 MHz	e.i.r.p. níos lú ná -30 dBm/MHz nó cothrom leis

Teicnící chun rochtain a fháil ar speictream agus trasnaíocht a mhaolú lena soláthraítear leibhéal iomchuí feidhmíochta, úsáidfear iad i gcomhréir le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Má thugtar tuairisc ar theicnící ábhartha i gcaighdeáin chomhchuibhithe nó i gcodanna díobh ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoi Threoir 2014/53/AE, áiritheofar feidhmíocht atá coibhéiseach ar a laghad leis an leibhéal feidhmíochta a bhaineann leis na teicnící sin.

Socrú minicíochta

Tá an socrú minicíochta bunaithe ar bhlocmhéideanna 10 MHz ag tosú ag imeall íochtarach an bhanda, is é sin ag 5 875 MHz.

I gcás CCI de bhóthar:



I mbanda minicíochta 5 875-5 925 MHz, úsáidfidh feidhmeanna CCI de bhóthar cainéil laistigh de theorainneacha gach bloic 10 MHz. Féadfaidh bandaleithead an chainéil a bheith níos lú ná 10 MHz.

Is féidir dhá bhloc a chur le chéile in aon chainéal tadhlach 20 MHz amháin.

An úsáid a bhainfear as cainéal 20 MHz arna chruthú ag dhá bhloc 10 MHz laistigh de bhanda minicíochta 5 905-5 925 MHz, beidh sí teoranta don chumarsáid ó bhonneagar go feithicil, ag tabhairt dá haire go bhfuil feidhm ag srianta maidir leis an mbanda minicíochta 5 915-5 925 MHz i gcomhréir le hAirteagal 3(3).

([1]) EIRP: cumhacht choibhéiseach radaithe go hiseatrópach.
([2]) Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/53/oj).

I gcás CCI d'iarnród uirbeach:



I mbanda minicíochta 5 875-5 915 MHz, úsáidfidh feidhmeanna CCI d'iarnród uirbeach cainéil laistigh de theorainneacha gach bloic 10 MHz. Féadfaidh bandaleithead cainéil a bheith níos ísle ná 10 MHz.

I mbanda minicíochta 5 915-5 935 MHz, is é 10 MHz an bandaleithead cainéil uasta le haghaidh feidhmeanna CCI d'iarnród uirbeach. Léiríonn an líne poncanna an socrú minicíochta comhchuibhithe is fearr ach, ar an leibhéal náisiúnta, féadfar cainéal atá láraithe ag 5 925 MHz a úsáid don fheidhmiú céimneach.'